

# *An Ceann Scríbe a Bhaint Amach: Iompar agus Rochtain ar Sheirbhísí Sóisialta*

Achoimre Feidhmiúcháin

## **1 Fócas na Tuarascála**

Is é cuspóir na tuarascála seo faoi bheartas sóisialta ná béim a leagan ar shaincheisteanna maidir le taisteal agus iompar agus rochtain ar sheirbhísí sóisialta. Tá an tuarascáil bunaithe go príomha ar anailís ar aiseolas ó sheirbhísí um fhaisnéis do shaoránaigh agus ar thionscadail abhcóideachta míchumais. Leagann sí béim ar roinnt ábhar inní maidir le hiompar agus rochtain ar sheirbhísí sóisialta, lena n-áirítear aonrú sóisialta daoine breacaosta i gceantair thuaithe, na deacrachtaí a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas ó lá go chéile maidir le hinrochtaineacht iompair, agus fadhbanna maidir le rochtain a thagann chun cinn de bharr lárú seirbhísí ospidéal. Tá roinnt samplaí cáis san áireamh sa tuarascáil chun na deacrachtaí a thagtar trasna orthu a léiriú. Leagtar amach sraith moltaí sa chaibidil dheireanach atá dírithe ar dhul i ngleic leis na saincheisteanna a aithníodh.

## **2 Fachtóirí Lárnacha a Aithníodh**

Tá tagairt sa tuarascáil go háirithe ar an ngá le hacmhainní a úsáid agus a dhíriú go héifeachtach sna cúinsí eacnamaíochta reatha.

Tagann an tuarascáil ar an gconclúid nach cosúil go bhfuil an leas is fearr á bhaint as acmhainní faoi láthair, mar go gcuirtear maoiniú stáit ar fáil le haghaidh réimse tionscnamh comhthreomhar agus ilroinnte um thacaíocht iompair agus soghluaisteachta, ar minic a mbíonn siad ag oibriú neamhspleách ar a chéile. Iarrtar sa tuarascáil go mbeadh níos mó sineirge idir na scéimeanna éagsúla um thacaíocht iompair agus soghluaisteachta atá ar fáil faoi láthair le cinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as na hacmhainní atá ar fáil, agus le cinntiú freisin go dtabharfar rochtain chomhionann do gach dream a bhfuil deacrachtaí acu ó thaobh iompair agus soghluaisteachta.

Ag tarraingt ar thaighde eile, aithníonn an tuarascáil fachtóirí lárnacha nach mór a admháil chun freagra sásúil, atá bunaithe ar chuimsiú sóisialta, a thabhairt ar easnamh iompair/soghluaisteachta:

- » Is iad na teaghlaigh nach bhfuil carr acu is mó atá i mbaol easnamh soghluaisteachta. Is annaimhe a bhíonn carr ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine breacaosta.
- » Is minic a tharlaíonn go gcuirtear brú ar ioncaim atá íseal cheana féin i gcás iad siúd ar gá dóibh achar fada a thaisteal chuig seirbhísí agus nach bhféadann rochtain a fháil ar iompar poiblí.

» Tá an easpa iompair phoiblí dhóthanaigh ar cheann de na fachtóirí móra a chuireann le heisiamh sóisialta i gceantair thuaithe - bíonn tionchar suntasach aige ar chumas daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí atá riachtanach don saol laethúil nó ar sheirbhísí

sláinte agus sóisialta, nó dul le hoideachas nó freastal ar chúrsaí oiliúna nó ar dheiseanna oibre/oiliúna.

» Tá an fháil atá ar iompar chuig ionaid seirbhíse mar ospidéal agus le haghaidh dul ag siopadóireacht nó freastal ar ghníomhaíochtaí sóisialta mar shaincheist ríthábhachtach do phobail tuaithe de réir mar a dhéantar seirbhísí a lárú níos mó.

» Mar gheall go bhfuil inrochtaineacht ar iompar poiblí áirithe fós go dona (cé go ndearnadh feabhas suntasach le blianta beaga anuas), bíonn sé deacair do roinnt daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil/ céadfach an t-iompar sin a úsáid leo féin.

» Tá ról tábhachtach ag scéimeanna tacaíochta iompair agus soghluaisteachta maidir le cur i gcoinne an eisiaimh shóisialta agus maidir le rochtain ar sheirbhísí a chumasú.

Tá scéimeanna den sórt sin ríthábhachtach do go leor daoine chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sóisialta agus sláinte agus cabhraíonn siad go mór le cur ar a gcumas páirt a ghlacadh sa tsochaí.

» Gné lárnach den dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le soláthar iompair tuaithe is ea comhordú ar scéimeanna éagsúla ar leibhéal áitiúil agus iad siúd a chomhtháthú le soláthar príomhshrutha.

### **3 Comhthéacs an Bheartas Iompair**

Coincheap lárnach i mbeartas iompair na hÉireann is ea ‘Iompar do Chách’, a bhfuil glacadh ginearálta leis laistigh den AE anois. Áirítear leis sin inrochtaineacht iompair phoiblí a phríomhshruthú ar mhaithe le gach úsáideoir agus baineann sé le seirbhísí bus, iarnróid agus tacsáí. Ar cheann de bhunchlocha Transport 21 (Plean Deich mBlíana reatha an Rialtais faoin mBeartas Iompair), tá an córas iompair a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine a bhfuil máchail shoghluaisteachta, chéadfach nó chognaíoch orthu.

Tá i bhfad níos mó i gceist le saincheisteanna inrochtaineachta iompair phoiblí ná riachtanais daoine faoi mhíchumas. Baineann siad freisin le riachtanais iompair an phobail mhóir, a d’fhéadfadh máchail shoghluaisteachta nó fhíse a fhulaingt uair éigin ina saol, rud a d’fhágfadh an taisteal deacair dóibh mura mbeadh an modh iompair nó an timpeallacht thógtha agus sheachtrach inrochtana.

Chuiqe sin, tá an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2030 suntasach sa mhéid is go n-áirítear léi cuspóirí a bhaineann le pobail a neartú, rochtain ar dheiseanna a fheabhsú, inrochtaineacht a fheabhsú, iompar poiblí a chomhtháthú agus faisnéis níos fearr faoi iompar poiblí.

Tá tacaíocht shuntasach i gceist leis an Scéim Saorthaistil, atá ar fáil do dhaoine breacaosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do chúramóirí. Tuairim is 637,000 duine atá á húsáid ar chostas breis is €68 milliún don Stát.

Soláthraíonn an Clár Iompair Tuaithe (CIT), a mhaoinítear trí Phobal agus a riartar ag eagraíochtaí áitiúla deonacha/pobail agus atá i bhfeidhm i 36 ceantar ar fud na tíre, tuairim 1.2 milliún turas paisinéara in aghaidh na bliana. Tá sé dírithe ar thionscnaimh

nuálaíocha phobalbhunaithe a spreagadh agus a thacú chun seirbhísí iompair a sholáthar i gceantair thuaithe.

1. Féach [www.2030vision.ie](http://www.2030vision.ie)

Is eilimint lárnach bheartais í an CIT arb é an toradh uirthi ná réimse leathan de sheirbhísí leath-sceidealaithe agus de sheirbhísí a thugann freagra iomlán ar éileamh, agus rannpháirteachas na hearnála deonaí/pobail i dtionscnaimh iompair ar leibhéal áitiúil. Tá an earnáil dheonach/phobail chun tosaigh i dtionscnaimh nuálaíocha iompair.

Is saincheist chasta í inrochtaineacht a mbíonn dúshláin shuntasacha ag baint léi maidir le córas iompair cuimsitheach a sholáthar.

I bPlean Earnála na Roinne Iompair faoin Acht um Míchumas 2005 (An Roinn Iompair 2006), leagtar amach réimse moltaí de chuid na Roinne agus na ngníomhaireachtaí faoina shainchúram maidir le feidhmiú céimneach ar chlár cuimsitheach maidir le hiompar inrochtana. Cé go ndearnadh feabhas suntasach ar inrochtaineacht iompair phoiblí le blianta beaga anuas, m.sh. Bus Átha Cliath, DART, Luas, tacsaithe oiriúnacha do chathaoir rothaí agus dul chun cinn Bhus Éireann de réir a chéile, tá bearnaí móra ann fós, mar shampla, níl aon iompar poiblí inrochtana le hurláir ísle in a lán áiteanna sa tír agus bíonn sé deacair tacsaithe inrochtana a fháil.

## 4 Saincheisteanna a Aithníodh sa Tuarascáil

Tá roinnt saincheisteanna sonracha leagtha amach a thagraíonn do dhaoine a bhfuil gá acu le hiompar nó fóirdheontas iompair/soghluaisteachta nach bhfuiltear ag freastal air faoina bhfuil ar fail faoi láthair. Léirítear na saincheisteanna sin le samplaí cáis ábhartha. Áirítear leis na saincheisteanna a aithníodh:

- » Easpa iompair phoiblí i go leor ceantar tuaithe agus mar thoradh air sin éagumas daoine leas a bhaint as ‘saorthaisteal’
- » Teorainneacha na scéimeanna tacaíochta iompair agus soghluaisteachta atá i bhfeidhm faoi láthair
- » Droch-inrochtaineacht fós ar iompar poiblí áirithe, lasmuigh de na príomhchathracha go háirithe
- » Deacrachtaí maidir le hiompar a fháil chuig seirbhísí ospidéal agus uathu.
- » Brath trom ar Íocaíochtaí do Riachtanais Eisceachtúla faoin Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) chun costais iompair chuig ospidéal agus uathu a chlúdach - ní raibh an scéim sin ceaptha riamh chun costais den sórt sin a chlúdach – agus deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar na híocaíochtaí sin » Drochnaise idir an córas LLF agus scéim FSS um Sheirbhísí Iompair Neamhéigeandála d’Othair
- » Iompar agus costas míchumais – is minic nach mbíonn an dara rogha ag daoine faoi mhíchumas ach íoc as tacsaithe chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ríthábhachtacha sláinte agus sóisialta
- » Deacrachtaí ag roinnt daoine maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi iompar poiblí chomh maith le roghanna agus tacaí iompair.

» Tionchar an easpa iompair oiriúnaigh ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le deiseanna fostaíochta nó oiliúna a thapú. Tagraíonn na deacrachtaí a bhíonn ag daoine maidir le scéimeanna tacaíochta iompair/soghluaisteachta ó lá go chéile dóibh seo a leanas: Scéim Iompair Otharchairr FSS, an Deontas Iompair Mótair, an Liúntas Gluaiseachta, an Scéim um Thiománaithe faoi Mhíchumas agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháltais Chánach) agus an Scéim Ceadanna Páirceála do dhaoine faoi mhíchumas.

## **5 Dul i nGleic leis na Saincheisteanna**

### ***Freagra Beartais Níos Comhtháite***

Cuirtear roinnt moltaí chun cinn chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a aithníodh. Leagtar béim sa chuid is mó acu ar an ngá le freagra beartais níos comhtháite, mar a moladh i roinnt tuarascálacha roimhe seo, lena n-áirítear an Grúpa Athbhreithnithe Idir-rannach ar an Scéim um Thiománaithe faoi Mhíchumas agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháltais Chánach) (An Roinn Airgeadais 2002), an Grúpa Oibre ar an Athbhreithniú ar an Scéim Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 2006) agus an tAthbhreithniú ar an gClár Iompair Tuaithe (Fitzpatrick and Associates 2006).

Moltar sa tuarascáil reatha go bhfuil scrúdú breise ag teastáil in dá réimse ar leith chun teacht ar chóras éifeachtach, comhionann ar chostas éifeachtúil um iompar a fhaigheann maoiniú poiblí agus a thugann rochtain do chách, agus is iad an dá réimse sin ná:

» Athchóiriú chun éifeachta (nó comhtháthú) chun comhordú níos fearr idir seirbhísí a bhaint amach ar mhaithe le húsáideoirí, go háirithe maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha sláinte agus sóisialta.

» Cuíchóiriú ar an iliomad scéimeanna atá ann faoi láthair chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus chun feabhas a chur ar chomhionannas rochtana do gach dream a bhfuil fadhbanna acu le hiompar agus soghluaisteacht

## **Moltaí**

### **Athbhreithniú ar Scéimeanna Tacaíochta Iompair/Soghluaisteachta atá ann Cheana Féin**

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna tacaíochta iompair/soghluaisteachta atá ann cheana féin chun úsáid níos éifeachtaí a

bhaint as acmhainní agus chun comhordú agus comhtháthú níos fearr a bhaint amach: mar shampla, idir an Scéim Deontas Iompair Mótair (a tugadh isteach in 1968), an Liúntas Gluaiseachta (a tugadh isteach in 1979), Scéim Iompair Ospidéal FSS agus an Scéim um Thiománaithe faoi Mhíchumas agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamhátais Chánach), an Scéim Saorthaistil, an Clár Iompair Tuaithe agus cúnadh faoin scéim Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh.

## » **Comhtháthú Seirbhísí Iompair ar Leibhéal Áitiúil**

D'fhéadfadh go ndéanfaí níos mó cuíchóirithe agus comhoibrithe idir seirbhísí iompair ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus go mbainfí níos mó úsáide as teicneolaíocht na faisnéise chun seirbhísí a dhéanann freastal ar éileamh a fheabhsú – ba cheart leas a bhaint as an méid atá le foghlaim ó thionscnaimh phíolótacha atá i bhfeidhm faoi láthair go gníomhach agus go tráthúil chun soláthar iompair tuaithe a fheabhsú.

## » **Pleanáil Chomhtháite ar Leibhéal Náisiúnta**

De réir thiomantas an Rialtais maidir le príomhshruthú agus comhtháthú seirbhíse, ba cheart don Roinn Iompair saincheistanna leithne a aithint a bhaineann le ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla Rialtais atá rannpháirteach i dtacaí iompair agus soghluaisteachta a sholáthar, agus dul i ngleic leo.

D'fhéadfaí béim a leagan ar riachtanas den sórt i sainchúram an Údaráis Iompair Náisiúnta a bunaíodh i Nollaig na bliana 2009.

I measc roinnt feidhmeanna sonracha, tá ról ginearálta ag an Údarás maidir le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt seirbhísí iompair náisiúnta ar bhealach pleanáilte agus comhtháite amach anseo.

## » **Ról agus Acmhainn Eagraíochtaí Deonacha/Pobail**

Chun cur chuige níos comhtháite a fhorbairt ní mór measúnú a dhéanamh ar sholáthar iompair ag eagraíochtaí deonacha/pobail agus ag FSS agus ar conas a réitíonn siad leis an gClár Iompair Tuaithe.

## » **Iompar agus Costas Míchumais**

Aithnítear ar fud na tíre agus ar fud an domhain go mbíonn go leor costas breise ar dhaoine faoi mhíchumas ó thaobh maireachtála de mar thoradh ar a

míchumas agus go n-áirítear leo siúd costais iompair thar an meán. Ba cheart go mbeadh an tsaincheist i leith na gcostas breise iompair do dhaoine faoi mhíchumas mar eilimint lárnach agus cuimsitheacht shóisialta á cur chun cinn, agus ba cheart í a choimeád chun tosaigh i bplé agus i ndíospóireacht.

## » **Fóirdheontas Comhtháite Iompair/Soghluaisteachta**

Maidir le rochtain chomhionann ar iompar poiblí a chinntiú, ba cheart go mbeadh roghanna eile seachas Pas Saorthaistil ar fáil. Mar shampla, d'fhéadfadh íocaíocht chomhfhreagrach in airgead tirim a bheith ann do na daoine siúd nach bhféadann an pas a úsáid mar thoradh ar neamh-inrochtaineacht iompair.

Mar rogha eile, d'fhéadfaí dearbháin a chur ar fáil le húsáid i dtacsaithe, i gcarranna hacnaí, i scéimeanna bus pobail agus i mbusanna príobháideacha.

## » **Beartais FSS i leith Iompair Otharchairr**

Ba cheart do gach Ceantar FSS scrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid beartas reatha i leith iompair otharchairr toisc go mbíonn tionchar acu ar dhaoine breacaosta agus ar dhaoine faoi mhíchumas i gceantair thuaithe. Ba cheart torthaí an athbhreithnithe ar riachtanais na ndaoine a fhreastalaíonn ar shaoráidí FSS i leith iompair neamhéigeandála a fhoilsiú agus ba cheart dul i ngleic le haon saincheist a aithníodh.

## » **Róil na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus FSS faoi seach**

Ba cheart don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus do FSS dul i mbun comhphlé chun scrúdú a dhéanamh mar ábhar tosaíochta ar a gcuid freagrachtaí faoi seach maidir le cúnaimh a sholáthar le costais as iompar chuig ospidéal agus uathu.

Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhpháirt leis an Athbhreithniú ar Riachtanais Othar a Fhreastalaíonn ar Shaoráidí FSS i leith Iompair Neamhéigeandála, atá curtha i gcrích ag FSS.

## » **Deontas Iompair Mótair**

Go ginearálta, níl an Deontas Iompair Mótair ar fáil faoi láthair ach do dhaoine fostaithe atá faoi mhíchumas. Tá foráil ann chun an deontas a íoc uaireanta le duine a bhfuil cónaí air/uirthi i gceantar fíor-iargúlta cé go bhféadfadh nach

mbeadh sé/sí i mbun fostaíochta. Ba cheart an fhoráil sin a chur i bhfeidhm níos forleithne chun dul i ngleic le heaspa trom iompair do dhaoine a bhfuil cónaí orthu in áiteanna fíor-iargúlta.

## » Liúntas Gluaiseachta

Ba cheart go mbeadh cead ag daoine a chomhlíonann na critéir don Liúntas Gluaiseachta iarratas a dhéanamh air tar éis dóibh 66 bliain a bhaint amach.

Ba cheart go mbeadh an measúnú tástála maoin ar theaghlaigh níos solúbtha áit a bhfuil beirt sa teach ag fáil an Liúntas Míchumais.

## » Ceadanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas

Maidir le cártaí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, ní mór dul i ngleic le réimse saincheistanna maidir le measúnú agus leithdháileadh. Áirítear leo siúd leithdháileadh agus fáil bána a thugann bealach isteach do chathaoireacha rothaí, easpa forfheidhmithe agus easpa cur chuige comhordaithe.

Ba cheart go rachadh Athbhreithniú na Roinne Iompair ar an Scéim Ceadanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas i ngleic leis na saincheistanna sin.

## Faisnéis faoi Thaisteal agus Daoine faoi Mhíchumas

Ba cheart go mbeadh faisnéis thráthúil, chruinn agus iontaofa ag gach duine a úsáideann iompar poiblí faoi gach rogha taistil atá ar fáil dóibh (bealaí, amchláir, stadanna, acomhail, costais). Ba cheart do gach soláthraí taistil córais chomhtháite ticéid atá bunaithe ar an gCárta Cliste agus córais faisnéise paisinéara le gnéithe inrochtaineachta a chur i bhfeidhm gan mhoill.

## » Measúnú Riachtanas

Mar chuid de chóras níos comhtháite um thacaí iompair agus soghluaisteachta, ba cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais iompair daoine breacaosta agus daoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta, ag tógáil san áireamh prionsabail reatha an bheartais shóisialta maidir le cuimsiú sóisialta, rochtain chomhionann, rogha, pleanáil dírithe ar an duine, maireachtáil neamhspleách, ag freagairt d'athruithe thar an saolré agus ag tacú leis na daoine is leochailí sa tsochaí.



## **Faisnéis faoin mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh**

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faisnéis, comhairle agus abhcóideacht neamhspleách ar fáil faoi sheirbhísí sóisialta agus poiblí trí [citizensinformation.ie](http://citizensinformation.ie), tríd an tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus tríd an líonra Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá siad freagrach as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus cuireann siad seirbhísí abhcóideachta ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

Is é cuid de shainordú an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ná faisnéis maidir le héifeachtacht an bheartais sóisialta agus na seirbhísí sóisialta reatha a sholáthar, a thacú, a chur chun cinn agus a fhorbairt, agus ábhair inní na n-úsáideoirí a léiriú dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí agus feabhsúcháin agus forbairtí a spreagadh dá réir i soláthar agus seachadadh seirbhíse.

### **Ceannoifig**

Bunurlár t +353 1 605 9000

Teach Ché Sheoirse t +353 1 605 9099

43 Sráid Chnoc na Lobhar r [info@ciboard.ie](mailto:info@ciboard.ie)

Baile Átha Cliath 2 lg [citizensinformationboard.ie](http://citizensinformationboard.ie)